

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13383/26

AGRI 685
AGRIFIN 155
AGRIORG 107
AGRISTR 43
DELECT 148

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 6339 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 17.9.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/126 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6339 final.

Faoi iamh: C(2026) 6339 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
C(2026) 6339 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.9.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2022. Tá earnáil an fhíona ag dul i ngleic le staid dheacair sa mhargadh i mBallstáit éagsúla, rud a dhéanann difear do dheighleoga margaidh áirithe (fionta dearga/*rosé*). Le linn na caibidlíochta maidir le Rialachán (AE) 2026/471 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 251/2014 agus (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha, thángthas ar chomhaontú maidir leis an ngá ‘grafadh buan fíonghort táirgiúil’ a chur isteach mar chineál nua idirghabhála faoi chuimsiú an phlean straitéisigh CBT. Thairis sin, tá sé beartaithe ailíniú a dhéanamh leis na coinníollacha a leagadh síos i ndáil leis na híocaíochtaí náisiúnta chun tacú le grafadh buan fíonghort i gcás géarchéime, chun cothrom iomaíochta coiteann a áirithiú laistigh d’earnáil fíona an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le soiléirithe teicniúla a bhaineann leis an gcineál idirghabhála thuasluaite.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rinneadh comhairliúcháin, le saineolaithe ó na 27 mBallstát uile, laistigh den Sainghrúpa maidir le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2021/2115, go háirithe le linn chruinnithe an 16 Aibreán, an 7 Bealtaine, an 3 Meitheamh agus an 30 Meitheamh 2026. Leis na cruinnithe sin, bhíodhas in ann smaointe an Choimisiúin a chur i láthair maidir le raon feidhme an ghnímh tharmligthe agus maidir leis na modhnuithe is gá ar Airteagail 1, 40(2) agus 42(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, agus Airteagail 12a agus 42a a chur leis an Rialachán sin, chomh maith le malartú tuairimí leis na saineolaithe. Ina dhiaidh sin, rinneadh an gníomh tarmligthe a athbhreithniú agus barúlacha agus tráchtanna na saineolaithe á gcur san áireamh.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear Airteagail 1, 40(2) agus 42(2), agus cuirtear isteach dhá airteagal nua, is iad sin Airteagail 12a agus 42a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.9.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013¹, agus go háirithe Airteagal 45, pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá luaineacht mhór sa mhargadh i roinnt Ballstát in earnáil an fhíona faoi láthair, agus is iad deighleoga margaidh an fhíona dheirg agus an fhíona *rosé* is mó a bhfuil difear á dhéanamh dóibh. Aithníodh an staid sin sa chomhréiteach polaitiúil ar tháinig na trí institiúid de chuid an Aontais air le linn na caibidlíochta reachtaí a bhain le Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² lena leasaítear, chomh maith le nithe eile, Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le bearta tacaíochta earnála in earnáil an fhíona, agus go háirithe na cineálacha idirghabhála in earnáil an fhíona. Le Rialachán (AE) 2026/471 cuireadh isteach ‘grafadh buan fionghort táirgiúil’ mar chineál nua idirghabhála.
- (2) Uirlis eisceachtúil ach struchtúrach is ea grafadh buan fionghort táirgiúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shistéamacha inbhuanaitheachta. Ach an grafadh a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach coinníollach, maolaítear na rioscaí a bhaineann le rósholáthar fionchaor agus dá bhrí sin rósholáthar fíona, agus tugtar an deis do tháirgeoirí fíona agus do shaothraithe fíona an táirgeadh féideartha a chur in oiriúint do dhálaí margaidh a bhíonn ag athrú. Tá sé d’aidhm ag bearta grafa spriocdhírithé, a chuirtear i bhfeidhm faoi choinníollacha dochta, cothromaíocht ar an margadh a athbhunú i leith na n-acmhainneachtaí táirgeachta ar an leibhéal náisiúnta nó

¹ IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj>.

² Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 251/2014 agus (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha (IO L, 2026/471, 26.2.2026 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2026/471/oj>).

réigiúnach, agus ar an gcaoi sin margaí a chobhsú, feabhas a chur ar ioncam táirgeoirí, agus aschur a ailíniú le treochtaí tomhaltais.

- (3) A mhéid a bhaineann leis an idirghabháil grafa bhuan, ba cheart do na Ballstáit critéir shonracha a úsáid chun a chinneadh an ann do mhíchothromaíocht ar an margadh. Dá bhrí sin, ba cheart coinníollacha ginearálta incháilitheachta agus critéir thosaíochta a leagan síos d'fhonn bonn cirt a thabhairt le cothrom iomaíochta coiteann maidir le cur chun feidhme idirghabhála den sórt sin agus d'fhonn an cothrom iomaíochta sin a áirithiú. Ba cheart an idirghabháil sin a bheith fianaisebhunaithe, comhréireach agus teoranta ó thaobh faid de ionas nach ndéanfar iomaíocht a shaobhadh ná acmhainneacht táirgeachta a laghdú go díreireach. Leis na critéir incháilitheachta, ba cheart díriú ar limistéir ina gcuireann an táirgiúlacht leis na míchothromaíochtaí, agus fionghoirt a bhí faoi réir idirghabhálacha le déanaí maidir le hathstruchtúrú agus athchóiriú fionghort á n-eisiamh an tráth céanna, chun úsáid éifeachtúil cistí poiblí agus téarnamh láidir eacnamaíoch a áirithiú.
- (4) Cé gurb é is cuspóir don idirghabháil maidir le grafadh buan fionghort táirgiúil dul i ngleic le míchothromaíochtaí i dtáirgeadh fíona i limistéir áirithe, is gá a áirithiú nach leathnóidh tairbhíthe a n-acmhainneacht táirgeachta an tráth céanna, rud a dhéanadh dochar d'éifeachtacht an bhirt. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú agus cúnamh airgeadais ón Aontas nó tacaíocht náisiúnta á riar, is gá taifid chuimsitheacha a choinneáil ar bun ar limistéir fionsaothrúcháin a rinneadh a ghrafadh. Braitheann sláine an bhirt sin ar thuairisciú na sonraí a bhaineann le hoibríochtaí grafa agus faireachán cruinn a dhéanamh orthu. Ba cheart a chuimsiú sna taifid sin an bhliain inar tharla an oibríocht grafa, chomh maith le sainaitheint an táirgeora fíona is tairbhí lena mbaineann. Chun faireachán éifeachtach a éascú, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 66 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, ba cheart an fhaisnéis sin a thaifeadadh go córasach sa chlár fionghort atá ann cheana a bunaíodh faoi Airteagal 145 den Rialachán sin agus ba cheart í a choinneáil ar feadh íostréimhse 10 mbliana margaíochta tar éis na bliana margaíochta ina ndearnadh an grafadh.
- (5) Chun a áirithiú go mbainfear úsáid chomhsheasmhach chomhréireach as cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh glasbhuaana agus grafadh buan, is iomchuí a fhoráil go bhfanfaidh an ranníocaíocht uasta ón Aontas le haghaidh na n-idirghabhálacha sin laistigh de theorainneacha leithdháiltí na mBallstát le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 88(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus leithdháiltí cistí ar chineálacha aonair idirghabhála in earnáil an fhíona arna gcinneadh ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT. Leis na teorainneacha sin, ba cheart cóir chomhionann i measc tairbhíthe a áirithiú, leibhéil dhíreireacha tacaíochta a chosc agus bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais a chosaint.
- (6) Dá bhrí sin, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht chur chun feidhme na hidirghabhála earnála nua dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2026/471 agus chun cur chun feidhme idirghabhálacha earnáil an fhíona laistigh de Phleananna Straitéiseacha CBT a éascú, ba cheart forálacha maidir le grafadh buan fionghort táirgiúil agus maidir le cúnamh

³ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj>).

airgeadais ón Aontas a bhaineann leis sin agus le glasbhuint a chur isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún⁴ agus ba cheart Airteagal 40(2) agus Airteagal 42(2) den Rialachán Tarmligthe sin a leasú chun soiléirithe a sholáthar a bhaineann leis an gcineál sin idirghabhála.

- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 a leasú dá réir sin.
- (8) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann a bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na hidirghabhálacha atá beartaithe chun feidhme go rianúil roimh an mbuaint nua, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 mar a leanas:

- (1) i dTeideal III, Caibidil I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 1:

‘Roinn 1

Rialacha coiteanna maidir le hinfheistíochtaí, cineálacha idirghabhála agra-chomhshaoil-aeráide, grafadh buan fíonghort táirgiúil, athstruchtúráil agus athchóiriú fíonghort, cóitseáil, cur chun cinn agus cumarsáid, cistí frithpháirteacha, athphlandú, glasbhuint agus neamhbhuint, árachas buainte, aistarraingtí ón margadh agus stóráil le chéile’;

- (2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 12a

Grafadh buan fíonghort táirgiúil

- 1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT grafadh buan fíonghort táirgiúil dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (o), de Rialachán (AE) 2021/2115, soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas ina bPleananna Straitéiseacha CBT:
 - (a) ceann amháin ar a laghad de na heilimintí seo a leanas a léiríonn gur ann, ar an leibhéal réigiúnach, do mhíchothromaíocht struchtúrach sa táirgeadh san earnáil nó in aghaidh catagóirí agus dathanna fionta:
 - (i) méadú suntasach ar mheán na stoc fíona deiridh measta sna 5 bliana margaíochta roimhe sin, i gcomparáid le meán na stoc fíona deiridh measta sna 10 mbliana margaíochta roimhe sin. Beidh an méadú ar stoic fíona mheasta sna

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/126/oj).

5 bliana margaíochta roimhe sin i bhfad níos mó freisin ná an méadú ar mheántáirgeadh fiona le linn na tréimhse tagartha céanna sna 10 mbliana margaíochta roimhe sin.

Ciallaíonn na stoic fiona deiridh mheasta de chuid bliain mhargaíochta na stoic fiona deiridh iarbhir de chuid na bliana margaíochta sin arna méadú de réir na gcainníochtaí fiona a baineadh den mhargadh sna blianta margaíochta céanna trí dhriogadh éigeandála náisiúnta fiona nó glasbhuint ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais. Déanfar cainníocht an fhíona a bhaintear trí ghlabhuint a ríomh tríd an limistéar atá faoi réir glasbhuint a thiontú ina choibhéis toirte fiona ag an meántáirgeacht sa bhliain chéanna sa limistéar geografach céanna inar cuireadh i bhfeidhm é;

- (ii) bhí ceann amháin de na himthosca margaidh seo a leanas ann in 3 bliana margaíochta ar a laghad thar na 5 bliana margaíochta roimhe sin;
 - méadú suntasach ar an stoc fiona deiridh iomlán ar an leibhéal táirgeachta i ngach ceann de na blianta margaíochta roghnaithe, i gcomparáid le meánleibhéal stoic fiona na 5 bliana díreach roimh an mbliain roghnaithe;
 - laghdú suntasach ar mheánphraghas margaidh an fhíona ar an leibhéal táirgthe i ngach ceann de na blianta margaíochta roghnaithe, i gcomparáid le meánleibhéal an phraghais margaidh sna 5 bliana díreach roimh an mbliain roghnaithe;
 - laghdú suntasach ar dhíolacháin charnacha sa mhargadh fiona ar an leibhéal táirgeachta i ngach ceann de na blianta margaíochta roghnaithe, i gcomparáid leis na meándíolacháin mhargaidh ar an leibhéal táirgeachta sna 5 bliana díreach roimh an mbliain roghnaithe;
 - (iii) an táirgeadh fiona bliantúil a bheith cuid mhaith os cionn na dtoirteanna fiona a dhíoltar go bliantúil ar an leibhéal táirgeachta in 3 bliana ar a laghad thar na 5 bliana margaíochta roimhe sin;
 - (iv) laghdú suntasach ar mheánbhrabúsacht bhliantúil an fhíonghoirt in aghaidh an heicteáir le linn na 10 mbliana margaíochta roimhe sin, arna ríomh ar bhonn modheolaíocht chaighdeánach a úsáidtear san anailís eacnamaíoch ar earnáil na feirmeoireachta;
- (b) cuspóirí atá le baint amach i dtéarmaí toirt nó dromchla a theorannú;
- (c) critéir thosaíochta amhail:
- (i) tairbhithe nach bhfuil faoi bhun 55 bliana d'aois, nó a scoireann dá ngníomhaíocht fiona nó a dhéanann a ngníomhaíocht talmhaíochta a éagsúlú;
 - (ii) tairbhithe atá lonnaithe i limistéir a bhí faoi réir beart géarchéime maidir le driogadh fiona, glasbhuint nó grafadh fíonghort táirgiúil, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 216 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le 5 bliana airgeadais anuas;
 - (iii) tairbhithe atá lonnaithe i limistéir a bhí faoi réir trí idirghabháil ghlabhuinta nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115 le 5 bliana airgeadais anuas;
- (d) critéir incháilitheachta i ndáil le limistéir shonracha fíonghort.

2. Beidh limistéir fionghort incháilithe do thacaíocht más rud é, tráth an iarratais, go raibh siad faoi réir dearbhú buana amháin ar a laghad a cuireadh faoi bhráid an údarais inniúil ábhartha le haghaidh na bliana margaíochta reatha agus an dá bhliain mhargaíochta roimhe sin.
3. Áiríteoidh na Ballstáit gur féidir an grafadh buan a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach maidir le catagóir amháin fionta agus dath amháin fionta nó níos mó.
4. Áiríteoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag grafadh buan fionghort táirgiúil maidir leis na limistéir fiona chéanna a bhí faoi réir idirghabháil athstruchtúraithe agus athchóirithe dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le linn na 5 bliana airgeadais roimhe sin.
5. Maidir leis an bhfaisnéis a bhaineann le limistéar fiona a rinneadh a ghrafadh le cúnamh airgeadais ón Aontas nó le tacaíocht náisiúnta, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an mbliain ina ndearnadh an limistéar fiona a ghrafadh agus sainaitheint an táirgeora fiona is tairbhí, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa chlár fionghort dá dtagraítear in Airteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus go gcoinneofar í ar feadh 10 mbliana margaíochta ar a laghad tar éis na bliana margaíochta ina ndearnadh an limistéar fiona a ghrafadh.’;

(3) in Airteagal 40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh na Ballstáit foráil gurb iad saothraithe fíniúna dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún*, agus iad sin amháin, a thairbheoidh de na cineálacha idirghabhála ‘fionghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú’, ‘glasbhuint’, ‘árachas buainte’ agus ‘grafadh buan fionghort táirgiúil’ dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (c), (d) agus (o), de Rialachán (AE) 2021/2115, faoi seach.

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha, an clár fionghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsíú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008, (CE) Uimh. 606/2009 agus (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/273/oj).’;

(4) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le costais incháilithe oibríochtaí le haghaidh athstruchtúrú agus athchóiriú fionghort, glasbhuna agus grafadh buan fionghort táirgiúil, i gcás ina gcinnfidh Ballstát na costais sin a fhíorú go heisiach ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid atá bunaithe ar aonaid tomhais atá difriúil leis an dromchla nó ar bhonn doiciméid thacaíochta a bheidh le cur isteach ag na tairbhíthe, féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh gan an limistéar faoi fhíniúnacha a thomhas mar a leagtar amach i mír 1.’;

(5) i gCaibidil V, cuirtear Airteagal 42a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 42a

Cúnamh airgeadais ón Aontas

1. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas a bhaineann leis na costais dhíreacha chun na triopaill fionchaor a scriosadh nó a bhaint le haghaidh glasbhuana dá dtagraítear in Airteagal 59(3), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, is é a bheidh ann costas aonaid nó cnapshuim dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (b) nó (c), den Rialachán sin. Beidh an méid sin teoranta don mhéid a shocróidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 3(4), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/... ón gCoimisiún (*) lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogadh fíona, glasbhuana agus grafadh fíonghort táirgiúil i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo (C(2026) 4713).
2. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas a bhaineann leis an gcostas díreach agus leis an gcaillteanas ioncaim de bharr grafadh buan fíonghort táirgiúil dá dtagraítear in Airteagal 59(3), an dara fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, is é a bheidh ann costas aonaid nó cnapshuim dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (b) nó (c), den Rialachán sin. Beidh an méid sin teoranta don mhéid a shocróidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(6), pointí (a) agus (b) faoi seach, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/... ón gCoimisiún (*) lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogadh fíona, glasbhuana agus grafadh fíonghort táirgiúil i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo (C(2026) 4713).

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/... ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogadh fíona, glasbhuana agus grafadh fíonghort táirgiúil i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo (C(2026) 4713) ([IO..., ELI:...]).’.

Airteagal 2

Foráil idirthréimhseach

I gcás ina gcuimsítear sa Phlean Straitéiseach CBT, roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, an idirghabháil ‘grafadh buan fíonghort táirgiúil’ dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (o), de Rialachán (AE) 2021/2115, leasóidh an Ballstát lena mbaineann a Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 119 den Rialachán sin chun na hidirghabhálacha sin a thabhairt i gcomhréir leis an Rialachán seo laistigh de 3 mhí óna theacht i bhfeidhm.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.9.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN